Tuairisceán Bliantúil
Ailt 125, 127, 128 d'Acht na gCuideachtaí 1963
Alt 7 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986
Alt 26 den Acht Toghcháin 1997
Ailt 43, 44 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú)(Uimh.2) 1999
Alt 249A d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna ionsú ag alt 107 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001)
Rialacháin Acht na gCuideachtaí 1990 (Foirm agus Inneachar Cáipéisí arna Seachadadh chuig an gCláraitheoir) 2002

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

Cuir tic sa bhosca má tá banna faoi iamh ☐
nóta a hocht déag

Uimhir na Cuideachta

Stampa dáta faighe CRO

Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012

B1

Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí íniúcháin

Ainm na cuideachta
ina iomláine

Teoranta

Tuairisceán á dhéanamh go dtí
nóta a haon agus a dó

Lá Mí Bliain

Caithfear ceann amháin de na boscaí seo a leanas a thiceáil, má dhéantar an tuairisceán chuig dáta éigin ar luaithe é ná Dáta Tuairisceáin Bhliantúil (ARD) na cuideachta

☐ Is mian leis an gCuideachta dáta a hARD reatha a CHOINNEÁIL don chéad bhliain eile

☐ Is mian leis an gcuideachta a hARD a ATHRÚ don chéad bhliain eile chuig cothrom dáta a dáta déanta chuige ar an tuairisceán seo

An bhliain airgeadais
nóta a trí

Ó Lá Mí Bliain **Go** Lá Mí Bliain

Diolúine ó iniúchadh
nóta a ceathair

☐ Ticeáil an bosca má tá an chuideachta ag éileamh na díolúine ó iniúchadh i ndáil leis an mbliain airgeadais a chlúdáitear sna cuntais atá ceangailte leis an tuairisceán seo. Ní féidir leis an gCuideachta an díolúine iniúchta a éileamh má tá sí mall le comhdú an tuairisceáin bhliantúil seo ná má bhí sí mall le comhdú a tuairisceáin bhliantúil faoi dheireadh dár ceanglaíodh na cuntais ná más máthairchuideachta nó fochuideachta nó cuideachta phoiblí í an chuideachta féin, lena n-áirítear cuideachta ráthaíochta.
nóta a ceathair

Uimhir Chlárúcháin Iniúchóra
nóta a fiche trí

Uimhir Chlárúcháin Iniúchóra: Is uimhir uathúil í seo a leithdháileann Comhlacht Cuntasaíochta Aitheanta (RAB) do gach aon iniúchóir/chuideachta iniúchóirí. Is féidir ARN gach iniúchóir cláraithe a fháil trí sheiceáil ar Chlár Poiblí Iniúchóirí ar láithreán gréasáin an CRO. *nóta a fiche trí*

Mionsonraí an deontóra

Duine lenar féidir fiosruithe a dhéanamh

Cláraithe ar www.core.ie? ☐ Tá ☐ Níl

Ainm		
Seoladh		
Ríomhphost		Uimhir thagartha
Uimhir teileafóin		Uimhir faics
Uimhir DX		Malartán DX

Oifig chláraithe

nóta a cúig

Seoladh ríomhphoist (roghnach)*: nóta a cúig*

Seoltaí eile

nóta a sé

Seoladh

Clá(i)r/cáipéisí arna gcionneáil ag an seoladh seo

Rúnaí

Sloinne

Céadainm

nóta a seacht

Sloinne roimhe seo

Céadainm roimhe seo

nóta a hocht

Seoladh cónaithe

nóta a seacht

Deonúcháin chun críche cuspóirí polaitiúla

Nóta a naoi agus a deich

☐ Gan téacs

Ainm an duine nó an pháirtí dár tugadh an deonúchán

Luach an deonúcháin €/__

Scairchaipiteal údaraithe

Nóta a haon déag

Iomlán €/__

Déanta mar seo a leanas:

Aicme	Líon scaireanna	Luach ainmniúil in aghaidh na scaire €/__

Scairchaipiteal eisithe *(cuir isteach luachanna ainmniúla)*

Iomlán €/__

Déanta mar seo a leanas:

Íoctha ar scaireanna a eisíodh ar airgead tirim	€/__	Ní mór suim na bhfigiúirí sin a bheith comhionann leis an scairchaipiteal eisithe iomlán.
Measta a bheith íoctha ar caireanna eile	€/__	
Líon iomlán glaonna neamhíoctha	€/__ **(E)**	
Líon nár glaodh fós	€/__ **(F)**	

Seasamh iomlán chun sochair an Chiste Cúltaca Tiontaithe Caipitil *nóta a dó dhéag* €/__

Scaireanna eisithe

Comaoin - airgead tirim ar fad

Aicme	Líon scaireanna	Luach ainmniúil iomlán €/__	Préimh iomlán íoctha €/__	Suim iomlán íoctha €/__
Iomláin	**(A)**			**(C)**

Comaoin - ní airgead tirim ar fad

Aicme	Líon scaireanna	Luach ainmniúil iomlán €/__	Préimh iomlán measta a bheith íoctha €/__	Suim iomlán measta a bheith íoctha €/__
Iomláin	**(B)**			**(D)**

Iomláin

Líon iomlán scaireanna eisithe **(A)** + **(B)**

Iomlán íoctha, neamhíoctha agus measta a bheith íoctha **(C)** + **(D)** + **(E)** + **(F)** €/__

Ní mór don iomlán teacht le líon iomlán na scaireanna i seilbh comhaltaí reatha faoi mar a luaitear sa mhír 'Liosta na gComhaltaí Reatha agus na nIarchomhaltaí' den tuairisceán.

Mionsonraí eile scaire/bintiúir

nóta a trí déag

Liosta na gcomhaltaí reatha agus na nlarchomhaltaí

Daoine a bhfuil scaireanna ina seilbh acu an dáta a ndearnadh an tuairisceán bliantúil do 20_____ (cuir isteach bliain) agus daoine a raibh scaireanna ina seilbh acu tráth ar bith ó dháta an tuairisceáin deiridh, nó i gcás an chéad tuairisceán, dáta corpraithe na cuideachta. *nóta a ceathair déag*

☐ Ticeáil an bosca ma tá an liosta de chomhaltaí san am atá caite agus comhaltaí reatha curtha isteach ar dhlúthdhiosca.

	nóta a seacht agus a cúig déag	Scair-aicme	Líon i seilbh *nóta a sé déag*	Líon aistrithe & dáta *nóta a seacht déag*	Mionsonraí an aistrí *nóta a seacht déag*
Ainm					
Seoladh					
Uimh. fóilió					
Ainm					
Seoladh					
Uimh. fóilió					
Ainm					
Seoladh					
Uimh. fóilió					
Ainm					
Seoladh					
Uimh. fóilió					
Ainm					
Seoladh					
Uimh. fóilió					
Ainm					
Seoladh					
Uimh. fóilió					
Ainm					
Seoladh					
Uimh. fóilió					

Líon iomlán i seilbh _____

Ní mór don líon iomlán scaireanna i seilbh teacht leis an líon iomlán scaireanna eisithe a thugtar sa mhír **'Scaireanna eisithe'** (iomlán **(A)** móide **(B)**).

Stiúrthóirí
Iena n-áirítear cúlstiúrthóirí/ stiúrthóirí mhalairte

Sloinne
Céadainm
nóta a seacht

Sloinne roimhe seo
Céadainm roimhe seo
nóta a hocht

Dáta breithe — Lá / Mí / Bliain

☐ Cónaitheoir LEE *nóta a hocht déag*

☐ Stiúrthóir mhalairte *nóta a naoi déag*

Seoladh cónaithe
nóta a seacht

Gairm ghnó

Náisiúntacht

Stiúrthóireachtaí eile

Cuideachta *nóta a fiche*	Ionad corpraithe *nóta a fiche haon*	Uimhir na cuideachta

---

Sloinne
Céadainm
nóta a seacht

Sloinne roimhe seo
Céadainm roimhe seo
nóta a hocht

Dáta breithe — Lá / Mí / Bliain

☐ Cónaitheoir LEE *nóta a hocht déag*

☐ Stiúrthóir mhalairte *nóta a naoi déag*

Seoladh cónaithe
nóta a seacht

Gairm ghnó

Náisiúntacht

Stiúrthóireachtaí eile

Cuideachta *nóta a fiche*	Ionad corpraithe *nóta a fiche haon*	Uimhir na cuideachta

---

Sloinne
Céadainm
nóta a seacht

Sloinne roimhe seo
Céadainm roimhe seo
nóta a hocht

Dáta breithe — Lá / Mí / Bliain

☐ Cónaitheoir LEE *nóta a hocht déag*

☐ Stiúrthóir mhalairte *nóta a naoi déag*

Seoladh cónaithe
nóta a seacht

Gairm ghnó

Náisiúntacht

Stiúrthóireachtaí eile

Cuideachta *nóta a fiche*	Ionad corpraithe *nóta a fiche haon*	Uimhir na cuideachta

---

Deimhniú

Deimhnímid leis seo (i) gur comhlánaíodh an fhoirm seo de réir Nótaí Comhlánúcháin Fhoirm B1, (ii) go bhfuil mionsonraí inti a bhaineann leis an gcuideachta amhail an dáta a cuireadh an tuairisceán le chéile agus (iii) *nóta a fiche dó*

☐ Nach cuideachta phríobháideach í an chuideachta.

☐ Gur cuideachta phríobháideach í an chuideachta agus nár eisigh an chuideachta ó dháta an tuairisceáin bhliantúil deiridh (nó dháta corpraithe sa chás gurb é seo an chéad tuairisceán) aon iarratas ar an bpobal síntiús a dhéanamh i leith aon scaireanna nó bintiúir sa chuideachta.

☐ Gur cuideachta phríobháideach í an chuideachta ag a bhfuil níos mó ná 99 comhalta, agus gurb iad atá sa líon comhaltaí os cionn 99 comhalta ná daoine, faoi alt 33(1)(b) d'Acht na gCuideachtaí 1963, nach bhfuil san áireamh chun an uimhir 99 a ríomh.

Sínithe

Stiúrthóir — Rúnaí

Teastaíonn dhá shíniú éagsúla ón gcáipéis. Ní féidir leis an duine céanna a síniú a thabhairt mar stiúrthóir agus rúnaí araon

Ainm
BLOCLITREACHTA

NÓTAÍ COMHLÁNÚCHÁIN FHOIRM B1
Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht ábhartha.

Ginearálta Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i gceart, ina hiomláine agus de réir na nótaí seo a leanas. Ní mór gach mír den fhoirm a chomhlánú. Cuir isteach 'Ní bhaineann le hábhar', 'níl' nó 'níl aon cheann' nuair is cuí sin. I gcásanna a bhfuil ˜/__ priontáilte, cuir isteach/scrios de réir mar is cuí. Sa chás go bhfuil /_ i gceist, tabhair an t-airgeadra ábhartha, sa chás nach euro atá i gceist. Má mheastar nach leor an spás atá ar fáil ar Fhoirm B1, ba chóir an fhaisnéis a thabhairt ar bhileog leantach san fhormáid chéanna agus atá sa mhír ábhartha den fhoirm. Má bhaintear úsáid as bileog leantach, ní mór é sin a chur in iúl sa mhír ábhartha. Ní foláir nach ionann don Rúnaí agus don Stiúrthóir a shíníonn an Fhoirm.

nóta a haon Éilítear ar chuideacha aon tuairisceán a bheadh neamhthuairiscithe do bhlianta roimhe seo a thuairisciú leis an tuairisceán seo. Ní bheidh aon bhearna idir dáta éifeachta thuairisceán blaintúil na bliana roimhe seo (má bhaineann le hábhar) agus an tréimhse a chumhdaíonn an tuairisceán seo. De bhun alt 127 d'Acht na gCuideachtaí 1963, ní mór tuairisceán bliantúil cuideachta a dhéanamh cothrom le dáta tráth nach déanaí ná a dáta tuairisceáin bhliantúil (ARD). Mar sin féin, caithfidh cuideachta nua ag comhdú a céad aischur i ndiaidh corpraithe an aischur sin a dhéanamh suas go dtí a ARD. Ní mór an tuairisceán a dhéanamh leis an gCláraitheoir laistigh de 28 lá ó ARD na cuideachta, nó, sa chás go ndearnadh tuairisceán suas le dáta níos luaithe ná ARD na cuideachta, laistigh de 28 lá ón dáta níos luaithe sin. Leagann alt 127 amach an bealach ina gcinntear ARD na cuideachta agus inar féidir é a athrú. Baineann pionóis dhiana le tuairisceán bliantúil a thuairisciú déanach. Is féidir ARD reatha chuideachta éigin a sheiceáil ar líne saor in aisce ag www.cro.ie. *Tuairisceáin a dhéantar roimh an 1 Márta 2002:* Má táthar ag úsáid na foirme seo chun tuairisceán a dhéanamh, ba chóir an tuairisceán a dhéanamh suas go dtí an dáta a thagann 14 lá tar éis AGM na cuideachta don bhliain atá i gceist agus a sheachadadh chuig an CRO laistigh de 60 lá ón AGM. Baineann gach nóta eile le tuairisceáin den chineál sin freisin. Gearrfar an pionóis i leith tuairisceán déanach i gcás aon tuairisceáin már sin de.

nóta a dó Caithfear an chuid seo a chomhlánú má táthar ag déanamh an tuairisceáin seo chuig dáta éigin ar luaithe é ná ARD reatha na cuideachta. Ba cheart go dticeálfaí an bosca ábhartha sa chás gur mian leis an gcuideachta dáta céanna an ARD atá aici a choinneáil don chéad bhliain eile. Ba cheart go dticeálfaí an bosca cuí más mian leis an gcuideachta a hARD don chéad bhliain eile a athrú go dtí cothrom an dáta chuig a ndearnadh an tuairisceán i mbliana. (Ciallaíonn "an chéad bhliain eile" an bhliain de réir an fhéilire tar éis na bliana ina dtarlaíonn an dáta chuig a ndearnadh an tuairisceán reatha). Caithfear an fhoirm a thabhairt ar ais don CRO lena comhlánú dá mba rud é nár ticeáladh ceachtar de na boscaí agus go ndearna an chuideachta a tuairisceán chuig dáta éigin ar luaiahte ná a hARD é. Níl aon fheidhm ag an gcuid seo do chuideachta nua éigin atá ag comhdú a céad tuairisceáin bhliantúil tar éis a corpraithe.

nóta a trí (i) Sa chás go ndéantar an tuairisceán le Foirm B73, nó sa chás gurb é an chéad tuairisceán bliantúil é de chuideachta a corpraíodh ón 1 Márta 2002, ní gá aon chuntais a chur faoi iamh agus ní éilítear mionsonraí na bliana airgeadais. Seachas sin, tabhair dáta tosaithe agus críochnaithe na bliana airgeadais a chumhdaíonn na cuntais a chuirtear i láthair nó a bheidh le cur i láthair ag AGM na cuideachta don bhliain sin. De bhun alt 7(1A) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986 (arna ionsú ag alt 64 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001), ní mór na cuntais a dhéanamh suas go dáta **tráth nach luaithe ná naoi mí** ón dáta dá ndéantar an tuairisceán bliantúil. I gcás an chéad tuairisceán bliantúil iomlán (.i. ocht mí dhéag tar éis a corpraithe de ghnáth), éilítear go gcumhdóidh na cuntais an tréimhse sin ón gcorprú. I gcás ar bith eile, éilítear go gcumhdóidh na cuntais an tréimhse ón tacar deireanach cuntas a tuairiscíodh don CRO.

(ii) **Éilítear** ar chuideachtaí neamhtheoranta áirithe cuntais a ullmhú agus iad a chur mar aguisín le Foirm B1: Comhpháirtíochtaí agus cuideachtaí neamhtheoranta ar cuideachtaí teoranta le scaireanna nó le hurrús, nó a gcomhionann mura gcumhdaítear faoi dhlíthe an stáit, nó meascán de na gnóthais sin, iad gach comhalta, **nach** bhfuil teorainn acu lena gcuid dliteanas; comhpháirtíochtaí agus cuideachtaí neamhtheoranta ar comhpháirtíochtaí nó cuideachtaí neamhtheoranta den chineál a luadh roimhe seo arna rialú ag dlíthe an Stáit, nó comhlachtaí iontamail arna rialú ag dlíthe Bhallstát an AE nó meascán de na gnóthais sin iad **gach** comhalta, **nach** bhfuil teorainn acu lena gcuid dliteanas. Cuideachtaí neamhtheoranta nach dtagann faoi aon cheann de na catagóirí sin, nach dtuairiscíonn cuntais ná nach dtugann mionsonraí a mbliana airgeadais.

(iii) Cé go bhfuil cuideachtaí neamhtheoranta príobháideacha, cuideachtaí gan beann ar bhrabús príobháideacha agus cuideachtaí áirithe le cuspóirí carthanacha, díolmhaithe ó chuntais a dhéanamh ar Fhoirm B1, tá siad ceangailte le halt 128(6B) Acht na gCuideachtaí 1963 tuarascáil speisialta iniúchóra a dhéanamh ar Fhoirm B1.

nóta a ceathair Caithfidh an chuideachta coinníollacha reachtúla áirithe a shásamh, de bhun Chuid III d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh.2) 1999, chun díolúine iniúchta a fháil. Níl aon chumhacht ag an CRO an ceangaltas reachtúil go gceanglaítear cuntais iniúchta le tuairisceán bliantúil a tharscaoileadh, sa chás nach bhfuil cuideachta éigin i dteideal na díolúine iniúchta a éileamh. Ní ráiteas cuimsitheach atá ar leathanach 1 den Fhoirm seo ar na fachtóirí a bhaineann teidlíocht de chuideachta ó dhíolúine iniúchta a éileamh. Féach bileog eolais an CRO Uimh. 10 nó www.cro.ie i gcomhair a thuilleadh eolais faoin díolúine iniúchta.

nóta a cúig Tabhair an seoladh amhail dháta an tuairisceáin seo. Ní mór aon athrú ar oifig chláraithe a chur in iúl don CRO. Ba chóir Foirm B2 a úsáid chuige sin. Tá an CRO ag pleanáil tuairisceán bliantúil agus meabhrúcháin riaracháin eile a eisiúint do chuideachtaí trí ríomhphost. Soláthair seoladh ríomhphoist ábhartha chun na críche sin dá mba mhian leat go bhfaighfeadh do chuideachta na meabhrúcháin úd. Gheobhaidh tú fógra leictreonach freisin leis an seoladh ríomhphoist d'eolas eile ón CRO a d'fhéadfadh bheith chun leasa do chuideachta.

nóta a sé Mura gcoinnítear ag an oifig chláraithe iad, tabhair an seoladh/na seoltaí ag a gcoinnítear clár na gcomhaltaí, clár na sealbhóirí bintiúir, agus clár leasanna na stiúrthóirí agus an rúnaí i scaireanna agus bintiúir, agus conarthaí seirbhíse stiúrthóirí/meamraim fúthu sin. Sa chás go gcoinnítear na taifid ar láithreán gréasáin inrochtana, ba chóir an CRO a chur ar an eolas faoi sheoladh an láithreáin ghréasáin chuí.

nóta a seacht Cuir isteach an t-ainm iomlán (ní leor ceannlitreacha) agus an gnáthsheoladh cónaithe. Sa chás gur comhlacht corparáideach é an rúnaí, ní mór ainm agus oifig chláraithe na cuideachta a thabhairt. Glacfar le hainm agus príomhoifig na cuideachta in ionad ainmneacha agus seoltaí gach aon chomhpháirtí sa chás gur cuideachta atá sna rúnaithe agus gur comhrúnaithe na cuideachta atá i ngach aon chomhpháirtí.

nóta a hocht Ní mór aon chéadainm agus slounne roimhe seo a thabhairt. Ní áirítear air sin (a) i gcás duine a aithnítear le teideal atá difriúil óna shloinne, an t-ainm lenar aithníodh é sular ghlac sé an teideal air féin nó sular thit an teideal air; nó (b) i gcás duine ar bith, céadainm nó sloinne roimhe seo sa chás gur athraíodh an t-ainm nó an sloinne sin nó nár úsáideach iad

sular bhain an duine ar a bhfuil an t-ainm 18 mbliana d'aois amach nó gur athraíodh nó nár úsáideadh iad ar feadh tréimhse nach lú ná 20 bliain; nó (c) sa chás gur bean phósta atá i gceist, an t-ainm nó an sloinne lenar aithníodh í sular phós sí.

nóta a naoi

Éilíonn Alt 26 den Acht Toghcháin 1997, go nochtfar mionsonraí faoi ranníocaíochtaí chun chíche cuspóirí polaitiúla, a théann níos mó ná €5,079 **san iomlán**, le haon pháirtí polaitiúil, comhalta den Dáil nó den Seanad, MEP nó iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, arna ndéanamh ag an gcuideachta sa bhliain lena mbaineann an tuairisceán bliantúil (i.e. an tréimhse ó dháta éifeachta thuairisceán na bliana roimhe sin, comh fada le dáta éifeachta an tuairisceáin reatha agus an dáta sin san áireamh), sa tuairisceán bliantúil agus i dtuarascáil stiúrthóirí na cuideachta i leith na bliana sin. Ní mór na mionsonraí a bheith leordhóthanach chun luach gach deonúcháin agus an duine dár tugadh an deonúchán a aithint. Tá sainmhíniú leathan ar dheonúchán leagtha amach in alt 22/alt 46 den Acht 1997, agus áirítear air seirbhísí nach ngearrtar muirear ina leith, deonúchán maoine nó earraí, nó a saorúsáid.

nóta a deich

Ticeáil an bosca le "Ceann ar bith" a tháscadh mura ndearnadh aon síntiús dá leithéid le linn na tréimhse a chlúdaítear leis an tuairisceán bliantúil seo. Ceangail na mionsonraí ar bhileog leantach mura soláthraítear dóthain spais.

nóta a haon déag

Sa chás go bhfuil scaireanna tiontaithe go stoc ag cuideachta, measfar, ansin, nuair is cuí, go dtagraíonn tagairtí do scaireanna do stoc agus go dtagraíonn tagairtí do roinnt scaireanna do líon stoic. Ní bhaineann an dara leathanach le cuideachta ráthaíochta gan scairchaipiteal.

nóta a dó dhéag

Cuir isteach, nuair is cuí. (Sa chas gur athainmníodh an scairchaipiteal de bhun alt 26 den Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998 agus gur tháinig laghdú ar an scairchaipiteal údaraithe agus eisithe nó in aicme scaireanna san iomlán nó i bpáirt de bharr an athainmníochais (alt 26(4)(a).)

nóta a trí déag

Mionsonraí scaireanna a forghéilleadh, scaireanna/bintiúir a eisíodh ar lascaine, nó ar ar íocadh coimisiún lena n-áirítear aicme na scaire, líon na scaireanna agus méideanna i ngach cás.

nóta a ceathair déag

Éilítear liosta iomlán le gach tuairisceán. Ní bhaineann an ceanglas sin, áfach, le cuideachta ráthaíochta gan scairchaipiteal. Sa chás go bhfuil comh-scairshealbhóirí ann, ainmnigh na comh-scairshealbhóirí ar fad nó an chéad scairshealbhóirí agus 'Eile'.

nóta a cúig déag

Sa chás go bhfuil níos mó ná seacht scairshealbhóirí ann, ba chóir liosta a thabhairt ar leathanach leantach in ord aibítreach.

nóta a sé déag

Tabhair an líon iomlán scaireanna atá i seilbh gach comhalta

nóta a seacht déag

Ní bhaineann ach le cuideachtaí príobháideacha amháin. Tabhair mionsonraí faoi scaireanna a aithríodh, dáta clárúcháin gach aistrithe agus an líon scaireanna a aistríodh gach dáta ó dháta an tuairisceáin deiridh, nó sa chás gurb é seo an chéad tuairisceán, ó dháta corpraithe na cuideachta, ag daoine ar comhaltaí fós iad agus ag daoine nach comhaltaí a thuilleadh iad.

nóta a hocht déag

Caithfidh ar a laghad stiúrthóir cónaitheach amháin Limisteár Europach Eacnamaíoch (LEE) lánaimseartha a bheith ag gach cuideachta nó banna nó deimhniú i bhfeidhm de bhun a43(3) agus a44 Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh.2) 1999. Tabhair faoi deara nach leor stiúrthóir cónaitheach LEE malairte chun críocha a43. Cuir tic sa bhosca 'Cónaitheoir LEE' sa chás go gcónaíonn an stiúrthóirí sa Stát de réir alt 43 den Acht 1999 arna shainmhíniú le halt 44(8) agus (9). Sa chás nach bhfuil aon stiúrthóirí lánaimseartha faoi chónaí den chineál sin agus nár bronnadh aon teastas, ní mór banna bailí a sholáthar leis an tuairisceán bliantúil, murar seachadadh ceann cheana féin ar an CRO thar ceann na cuideachta. Féach Bileog Faisnéise Uimh. 17 de chuid an CRO chun tuilleadh faisnéise a fháil.

nóta a naoi déag

Ticeáil an bosca le do thoil más stiúrthóir malairte (ionadach) an stiúrthóir. Má cheadaíonn airteagail na cuideachta agus faoi réir na n-airteagal sin a chomhlíonadh, féadfaidh stiúrthóir duine a ainmniú mar stiúrthóir malairte ar a shon nó ar a son. Caithfidh cuideachta a chur in iúl don CRO má ainmneofar aon duine chun gníomhú mar stiúrthóir, is cuma cén chaoi a gcuirtear síos ar an ainmniúchán. Tá oibleagáid reachtúil ar an gcuideachta a chur in iúl don CRO má chuirtear aon duine lena chlár nó ma thógtar aon duine de. Má tharlaíonn sé go scoirfidh stiúrthóir lánaimseartha a d'ainmnigh stiúrthóir malairte de ghníomhú mar stiúrthóir, tá dualgas ar an gcuideachta a chur in iúl don CRO gur tháinig deireadh le ceapachán an stiúrthóra lánaimseartha agus a mhalairt nó a malairt. Nóta: Níl aon fhreagracht ar an CRO maidir leis an nasc idir an stiúrthóir lánaimseartha agus a mhalairt nó a malairt a chothú.

nóta a fiche

Ainm na cuideachta agus líon na gcomhlachtaí corparáideacha, bídís corpraithe sa Stát nó in áit eile, seachas i gcás comhlachtaí (a) nach raibh an duine ina stiúrthóir orthu tráth ar bith i rith na ndeich mbliana atá caite; (b) ar fochuideachta faoi úinéireacht iomlán í an chuideachta (nó gurbh amhlaidh a bhí ag an am ábhartha) nó (c) ar fochuideachtaí faoi úinéireacht iomlán de chuid na cuideachta iad (nó gurbh amhlaidh a bhí ag an am ábhartha). De bhun alt 45(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú)(Uimh. 2), 1999, ní bheidh duine ag am ábhartha ina stiúrthóir ar líon níos mó ná 25 chuideachta. Faoi alt 45(3), áfach, ní áirítear stiúrthóireachtaí áirithe chun críche alt 45(1).

nóta a fiche haon

An t-ionad corpraithe más lasmuigh den Stát é.

nóta a fiche dó

Cuir tic sa bhosca/sna boscaí cuí le do thoil.

nóta a fiche trí

Caithfear an réimse Uimhir Chlárúcháin Iniúchóra (ARN) a chomhlánú:
(a) ag cuideachta ar bith nach foláir di cuntais a chomhdú lena tuairisceán bliantúil agus nach bhfuil i dteideal agus nach n-éilíonn an díolúine iniúchta. Ba chóir go bhfágfaí an réimse ARN bán sa chás nach mór do chuideachta éigin cuntais a chomhdú ach atá i dteideal agus a éilíonn an díolúine iniúchta.
(b) ag cuideachtaí príobháideacha neamhtheoranta, cuideachtaí príobháideacha neamhbhrabúsacha agus cuideachtaí áirithe le nithe carthanúla -
ní mór do na cineálacha cuideachta seo faoi chuid 128(6B) d'Acht na gCuideachtaí 1963 tuairisc iniúchóra (saintuairisc iniúchóra) a cheangal lena dtuairisceán bliantúil cé go ndíolmhaítear iad óna gceangaltas a gcuntas a cheangal lena dtuairisceán bliantúil. Ba chóir go gcuirfí ARN an iniúchóra lena mbaineann isteach sa B1.
(leanann an nóta ar aghaidh lastall)

nóta a fiche trí (ar aghaidh)

I gcás cuideachta nua atá ag comhdú a céad tuairisceán bliantúil déanta chuig an dáta atá 6 mhí tar éis an dáta chorpraithe, is féidir an réimse ARN a fhágáil bán óir nach gá aon chuntas a cheangal leis an gcéad tuairisceán bliantúil.
Is amhlaidh dá réir nach foláir an réimse ARN ar an B1 a chomhlánú, seachas i gcás cuideachta nua atá ag comhdú a céad tuairisceán bliantúil, agus i gcás cuideachta atá ag comhdú cuntas agus atá i dteideal do dhíolúine iniúchta agus éilíonn an díolúine sin.
Ní fheidhmeoidh duine mar iniúchóir murar iontráladh é ná í i gClár Poiblí na nIniúchóirí, de bhun I.R. Uimh. 220 de 2010, Rialacháin an CE(Iniúchtaí Reachtúla)(Treoir 2006/43/CE) 2010. Is iad oifigigh chuideachta éigin atá freagrach as a chinntiú go bhfuil an té a fhostaíonn siad le cuntais na cuideachta a iniúchadh, agus a shíníonn tuairisc an iniúchóra, ar Chlár Poiblí na nIniúchóirí. Is féidir stádas clárúcháin iniúchóra agus a RAN a sheiceáil ar Chlár Poiblí na nIniúchóirí ar láithreán gréasáin an CRO - www.cro.ie

Seicliosta do cháipéisí atá faoi iamh

- ☐ Clár Comhardaithe A128 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (AC 63); A7 & A18 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986 (ACL 86)
- ☐ Cuntas Brabúis agus Caillteanais A7 agus A18 ACL 86
- ☐ Nótaí a ghabhann leis na Cuntais Sceideal ACL 86 (déan tagairt go sonrach d'alt 12 le haghaidh nótaí a éilítear i gcás gnónna beaga/meánacha)
- ☐ Tuarascáil na Stiúrthóirí A128 AC 63; A7 & A18 ACL 86
- ☐ Tuarascáil an Iniúchóra A128 AC 63; A7 & A18 ACL 86
- ☐ Tuarascáil speisialta an iniúchóra deimhnithe go cuí ag stiúrthóir agus rúnaí mar chóip dháiríre den tuarascáil.
- ☐ Deimhniú Iomlán Éilíonn na hAchtanna gur cóip atá fíor iad an clár comhardaithe, an cuntas brabúis agus caillteanais, tuarascáil na stiúrthóirí agus an iniúchóra arna ndeimhniú ag stiúrthóir agus rúnaí faoi mar a cuireadh nó a chuirfear faoi bhráid an A.G.M. iad nó faoi mar a seoladh nó a sheolfar chuig an gcomhalta aonair iad de réir na rialachán um chuideachtaí teoranta príobháideacha aonchomhalta. I gcás cuntas iomlán, is leor deimhniú iomlán.
- ☐ Ráthaíocht ag gnóthas máthairchuideachta i leith dhliteanais ghnóthas na fochuideachta A17 ACL 86 arna leasú
- ☐ Deimhniú toiliúcháin ag scairshealbhóirí fochuideachta maidir le díolúine A17 ACL 86 arna leasú
- ☐ Fógra faoi Ráthaíocht do scairshealbhóirí A17 ACG 86 arna leasú
- ☐ Nóta a luann gur bhain an chuideachta sochar as díolúintí in alt 17 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986, arna leasú

Cáipéisí Cuntasaíochta

- ☐ Rialachán 39 ón EC (Cuideachtaí: Grúpchuntais)
- ☐ Rialacháin 1992 Rialachán 7 ón CE (Forais Chreidmheasa: Cuntais)
- ☐ Rialacháin 1992 Rialachán 7 ón CE (Cuntais)) Rialacháin 1993
- ☐ Rialachán 5, 17 ón CE (Gnóthais Árachais: Cuntais) Rialacháin 1996

- ☐ Alt 42 - banna féach nóta a hocht déag thall.
- ☐ Foirm B73 Dáta nua a ainmniú don tuairisceán bliantúil

Tuilleadh faisnéise

Faisnéis ghairmiúil Má bhíonn deacracht agat leis an tuairisceán bliantúil seo a chomhlánú, agus go háirithe má bhíonn tú doiléir faoi na ceanglais a bhaineann le dáta thuairisceán bliantúil na cuideachta, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le do chomhairleoir gairmiúil.

Athrú ar mhionsonraí Sa chás go mbaineann le hábhar, ní mór go dtiocfaidh na mionsonraí a thugtar ar Fhoirm B1 leis na mionsonraí atá sa cháipéisíocht a seachadadh ar an CRO cheana féin. Is iad na foirmeacha is gnáthaí a úsáidtear chun an CRO a chur ar an eolas faoi athruithe ar mhionsonraí na cuideachta ná:

B2	Fógra faoi athrú ar ionad na hoifige cláraithe
B3	Fógra faoi ionaid ina gcoinnítear clár na gcomhaltaí, clár na sealbhóirí bintiúir, clár leasanna stiúrthóirí agus rúnaithe i scaireanna agus bintiúir, agus conarthaí seirbhísí stiúrthóirí/meamraim
B4/G1	Fógra faoi mhéadú ar chaipiteal údaraithe
B5	Aischur leithrannta (méadú ar scairchaipiteal eisithe)
B10	Fógra faoi athrú stiúrthóirí nó rúnaithe nó a gcuid mionsonraí

Seoladh CRO Oifig Poiblí: Teach Pharnell, 14 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1. Seoladh DX - 145001. Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ag:

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach

Léigh *go cúramach* le do thoil na nótaí míniúcháin thall. Is dóigh do ndiúltófaidh an CRO d'Fhoirm B1 nach bhfuil comhlánaithe i gceart nó nach bhfuil na cáipéisí cearta nó an táille cuí ag gabháil léi agus go seolfar ar ais ag an té a sheol isteach í de bhun alt 249A d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna ionsú ag alt 107 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001). Mura gcuirfear an cháipéis seo ar ais arís chuig an CRO laistigh de 14 lá, measfar nár seachadadh ar an CRO ar chor ar bith í.

TÁ TUILLEADH FAISNÉISE FAOI CHOMHLÁNÚ FHOIRM B1, LENA nÁIRÍTEAR AN TÁILLE FORORDAITHE, AR FÁIL AG www.cro.ie NÓ AR RÍOMHPHOST Ó info@cro.ie